
# Lucht bainte feamainne




Eochairfhocail: síniúchán, ardán digiteach, cearta, iarratas, acra cladaigh, comhlacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad is ainm don chomhlacht atá ag iarraidh cearta bainte feamainne a bheith acu ar chósta Chonamara?
2. Cé mhéad síniúchán atá bailithe ar ardán digiteach?
3. Cad atá na daoine a shínigh a n-ainmneacha ar an ardán digiteach ag iarraidh a chosaint?
4. Cathain a rinne Arramara Teo an t-iarratas seo a bhfuil daoine ag cur ina choinne anois?
5. Cén fáth a bhfuil an t-iarratas curtha ó mhaith?
6. Cén fáth a gceapann Maidhc Ó Curraoin go bhfuil sé spéisiúil go bhfuil an feachtas seo fós i mbéal an phobail ar líne?
7. Cad ba chúis leis an gcruinniú mór i Ros Muc coicís ó shin?
8. Ar chuir an comhlacht muintir na háite ar an eolas maidir leis an iarratas nua seo atá curtha isteach acu, dar le Maidhc Ó Curraoin?
9. Cérbh iad na daoine ar labhair lucht an chomhlachta leo, dar le Jim Keogh?
10. Cen roinn rialtais a chuirfidh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar siúl go luath?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: an fheamainn

Tá traidisiún fada de bhaint feamainne i gConamara. I bhfad siar, bhaintí úsáid as an bhfeamainn do roinnt mhaith rudaí. Bhíodh an fheamainn in úsáid ag na feirmeoirí i gConamara mar leasú talún, chabhraigh an fheamainn le fás na mbarraí agus na bprátaí. Chomh maith leis, sin bhíodh an fheamainn in úsáid mar bhia d'ainmhithe agus do dhaoine ar aon. Cuir i gcás, chuirtí an fheamainn isteach in anraith, nó i maróga nó mar chuid de stobhach. Anuas air sin arís, bhaintí úsáid as an bhfeamainn i gConamara mar fhoinse leighis go minic, toisc iaidín a bheith san fheamainn. Is antaiseipteach é an t-iaidín agus mar sin bheadh an tsubstaint seo ina cabhair mhór chun galair áirithe a leigheas. Ní haon ionadh é mar sin go bhfuil an-mheas go deo ag muintir Chonamara ar an bhfeamainn fiú sa lá atá inniu ann.

**Ceisteanna Gramadaí:**

1. Aimsigh sampla amháin den ainmfhocal san uimhir iolra ón sliocht.
2. Aimsigh sampla amháin den ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra ón sliocht.
3. Aimsigh sampla amháin de bhriathar san aimsir ghnáthchaite ón sliocht.
4. Aimsigh sampla amháin d'ainmfhocal baininscneach ón sliocht.
5. Aimsigh sampla amháin d'ainmfhocal firinscneach ón sliocht.
6. Aimsigh sampla amháin de bhriathar sa mhodh coinníollach ón sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin de réamhfhocal ón sliocht.
8. An gceapann tú go bhfuil an sliocht seo suimiúil? Cén fáth? Tabhair dhá chúis le d'fhreagra.




## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Ar láimhsigh tú feamainn cheana? Má láimhsigh, déan cur síos ar an bhfeamainn sin. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 75 focal sa chur síos.**

- sleamhain
- sreangánach
- duileach éadrom
- leochaileach
- trom
- fliuch
- uisciúil
- tirim teann

**Freagraí**



1. Arramara Teo
2. Os cionn 15,000
3. Cearta úinéireachta lucht bainte na feamainne
4. Breis is 10 mbliana ó shin
5. Mar cheannaigh Acadian Seaplants an mhonarcha i gCill Chiaráin
6. Léiríonn sé dar leis go bhfuil meas ag muintir an chladaigh fós ar an acmhainn nádúrtha atá sa cheantar
7. Iarratas Arramara seilbh a ghlacadh ar 5,000 acra cladaigh in áiteanna áirithe i gConamara
8. Níor chuir
9. Na daoine arbh fhiú iad a chur ar an eolas i dtuairim lucht an chomhlachta
10. Roinn na Mara

1. rudaí, feirmeoirí, ainmhithe, daoine, maróga
2. na mbarraí, na bprátaí, rudaí
3. chuirtí, bhaintí, bhíodh
4. feamainn, muintir, cabhair, maróg, substaint, úsáid
5. antaiseipteach, ainmhí, foinse, iaidín, ionadh, anraith, feirmeoir, talamh, barra, práta, lá, meas
6. bheadh
7. do, i, ag, ar, mar, de, as, in, le

